Polasaí Úsáide Inghlactha don idirlíon – Gaelscoil Bhrian Bóroimhe

Réamhrá

Is cuid lárnach é an t-idirlíon den oideachas, cúrsaí ghnó agus caidreamh sóisialta. Is cuid den churaclam é úsáid an idirlín agus is áis thábhachtach é san oideachas. An cuspóir a bhaineann le húsáid an idirlín i nGaelscoil Bhrian Bóroimhe ná chun cur le caighdeán oideachais, le gnóthachtáil na bpáistí, mar thácaíocht d'obair phroifisiúnta na foirne scoile agus mar thácaíocht do bhainistíocht na scoile ó thaobh eolas a bhailiú agus cursaí riaracháin de.

Déanfaidh an Polasaí Úsáide Inghlactha (PUI) tagairt do chearta, pribhléidí, dualgaisí agus smachtbhannaí a bhaineann le húsáid an idirlín i nGaelscoil Bhrian Bóroimhe. Déanfar athbhreithniú rialta ar an bpolasaí seo.

Aidhmeanna

Príomhaidhm an polasaí seo ná cinntiú go bhfaigheann páistí, tuismitheoirí agus foireann na scoile deis leas a bhaint as áiseanna idirlín na scoile ar bhealach slán freagrach agus éifeachtach.

Is áis agus pribhléid é úsáid an idirlín sa scoil. Mar sin, sa chás nach gcloítear leis an bPUI bainfear an phribhléid sin agus gearrfar smachtbhannaí mar atá leagtha amach sa pholasaí.

Aon fhostaí de chuid an Bhoird Bhainistíochta/mic léinn ó na coláistí oiliúna/oibrí deonach srl a sháraíonn an PUI, déileáilfear leo le cur chuige smachtbhannaí an Bhoird Bhainistíochta agus/nó cur chuige chosaint leanaí.

Stráitéisí

Cuirfidh an scoil stráitéisí i bhfeidhm chun deiseanna foghlama a uasmhéadú agus aon bhaoil a bhaineann leis an idirlíon a íoslaghdú.

Seo a leanas na stráitéisí sin:

Bulaíocht ar-líne

Samplaí de bhulaíocht ar líne is iad, ciapadh, bladhmadh, aithrisiú, imirt cleasanna, ag déanamh eisiamh ar dhuine, cíbear-stalcaireacht nó eolas pearsanta faoi dhuine a scaipeadh. Ní ghlacfar lena leithéad d'iompar i nGaelscoil Bhrian Bóroimhe. Moltar an méid seo a leanas:

- Ní sheolfaidh daltaí teachtaireachtaí nó ní dhéanfaidh siad ráiteas ná pictiúr a phostáil ar-líne atá sé mar aidhm aige duine a scanrú, a ghortú nó a imeaglú. Sa chas go nglacfadh dalta páirt in iompar ar-líne atá mar aidhm aige duine a dhíobháil, gearrfar pionós smachta trom air/uirthí agus bainfear pribhléidí idirlín.
- I gcásanna áirithe is coireacht í cíbear-bhulaíocht.
- Bí aireach go bhfuil monatóireacht a dhéanamh ar do ghníomhaíochtaí.
- Cé nach ionann eachtra amháin agus bulaíocht de ghnáth, aon eachtra aonair, mar shampla, téacs nimhneach do ghrúpa nó postáil ar-líne de ghrianghraf a d'fhéadfadh duine a ghortú, is ionann a leithéad agus bulaíocht. Is faoi gach dalta atá sé é seo a thuiscint.

- Tabharfaidh an scoil tacaíocht do dhaltaí, tuismitheoirí agus múinteoirí déileáil le heachtraí cíbear-bhulaíochta.
- Ba cheart go moltar do pháistí aon eachtra a d'fhéadfadh a bheith mar shampla de chíbear-bhulaíocht a phlé lena thuismitheoirí nó le múinteoir.

Ar Scoil

Níl cead ag páistí fón póca a bheith ar siúl acu sa scoil. Má's gá do pháiste fón póca a bheith acu, caithfear é a choimead sa mhála scoile agus múchta le linn an lá scoile. Ní ceadaítear fóin póca ar thurasanna scoile nó ag imeachtaí scoile eile, ar nós ceolchoirmeacha.

Déanfar maoirseacht ar pháistí agus iad ag úsáid an idirlín ar scoil.

Bainfear úsáid as scagathóirí chun íoslaghdú a dhéanamh ar an mbaol go bhfeicfeadh páistí rudaí mí-oiriúnacha ar an idirlíon. Sa chás go bhfeiceann páiste rud mí-oiriúnach ar an idirlíon ar scoil, aineoinn an scagadh, déanfar an tuismitheoir a chur ar an eolas agus déanfar teagmháil leis an PDST chun iad a chur ar an eolas faoi.

Tabharfar ainm úsáideora agus pasfhocal do gach páiste ó Rang 3 suas ionas gur féidir leo obair a shábháil i bhfillteán príobháideach. Is féidir le múinteoirí na fillteáin seo a fheiceáil.

Tabharfar ainm úsáideora agus pasfhocal Google do gach páiste ó Rang 3 suas ionas gur féidir leo loggáil isteach ar leabhair Chrome agus ar Google sa bhaile agus ar scoil. Tá an duine le post freagrachta sa teicneolaíocht in ann cead a thabhairt nó a bhaint dul ar shuíomhanna faoi leith mar a oireann sé don aois ghrúpa.

Ní bheidh cead ag páistí úsáid a bhaint as ríomhaire an mhúinteora mar gheall ar chosaint sonraí.

Déanfaidh an scoil monatóireacht ar úsáid an idirlín go rialta.

Cuirtear traenáil ar shábháilteacht idirlín ar fáil do mhúinteoirí agus do pháistí.

Úsáidtear bogearra frithvíreas (ESET) ar na ríomhairí.

Caithfear cead a fháil chun úsáid a bhaint as Dlúthdhioscaí, DVDeanna nó eochar USB. Caithfear aon cheann dóibh siúd a ***scannáil le bogearra frithvíreas roimh iad a úsáid.***

Léireoidh páistí béasaíocht ar líne i gcónaí agus ní ghlacfaidh said páirt in aon ghníomhaíocht a tharraingíonn droch-cháil ar an scoil.

Níl cead bogábhar a uaslódáil nó íoslódáil gan cead a fháil ó mhúinteoir

Ar bhus scoile

Moltar go láidir nach mbeadh cead ag páistí fón póca a úsáid ar bhus scoile.

Níl aon chead ag páistí pictiúr ná físeán d'aon pháiste eile a ghlacadh.

An t-Idirlíon

Déanfaidh múinteoirí réimhleiriú ar aon suíomh idirlín roimh a úsáideann páistí é.

Úsáidfidh páistí an t-idirlíon do chúrsaí oideachais agus ar chúiseanna a bheartaíonn an mhúinteoir atá oiriúnach, mar shampla, i rith am órga.

Cuirfear traenáil faoi shábháilteacht idirlín ar fáil do pháistí Rang 3 suas agus dá dtuismitheoirí trí chomhlacht seachtrach gach dara bhliain ar a laghad.

Beidh múinteoirí agus páistí eolach ar chúrsaí chóipcheartúcháin.

Ní chuirfidh páistí aon eolas pearsanta ar an idirlíon ***riamh.***

Ba cheart go mbeadh úsáideoirí don idirlín i nGaelscoil Bhrian Bóroimhe ar an eolas gur féidir monatóireacht a dhéanamh ar aon úsáid idirlín sa scoil.

Ní úsáidfidh páistí nó daoine fásta (idir baill foirne agus aon duine eile a thagann isteach sa scoil) suíomhanna gréasáin atá graosta, neamhdhleathach, a spreagann fuath nó atá mí-oiriúnach ar aon chúis.

Sa chás go bhfeicfeadh páiste rud ar an idirlíon faoina mothaíonn sé/sí mí-chompórdach ba cheart don pháiste é a rá leis an múinteoir. Sa chás sin, déanfar gach iarracht an páiste a chuir ar a shuaimhneas agus cuirfear tuismitheoirí ar an eolas. Má's gá, cuirfear cosc ar an URL sin.

Moltar imagebank.ie photosforclass.com kiddle, duckduckgo agus instagrok mar shuíomhanna ar a féidir cuartú a dhéanamh go sabháilte in áit google.

Ríomhphost

I ranganna 3-6 beidh próifíl Google ag gach páiste le seoladh ríomhphost @gsbb.ie. Beidh sé in úsáid d'obair scoile, obair bhaile agus obair thionscnaimh amháin.

Ní sheolfaidh nó ní ghlacfaidh páistí le haon ábhar atá graosta, neamhdhleathach, clúmhillteach nó atá mar aidhm aige duine a ghortú.

Ní chuirfidh páistí eolas pearsanta ar nós seoladh nó uimhir fón ar an idirlíon, bíodh an t-eolas bainteach leo féin nó le duine eile.

Ní eagróidh páistí buaileadh le duine lenar chas siad ar an idirlíon ***riamh.***

Is le cead an mhúinteora amháin go seolfaidh agus go nglacfaidh páistí le ceangaltáin i ríomhphostanna.

Comhrá ar líne

I gcásanna faoi leith iarrfar ar dhaltaí comhoibriú lena chéile ar obair thionscnaimh. Mar sin, d'fhéadfadh go mbeidh gá le roinnt comhrá ar line, mar shampla ag fágáil nótaí ar dhoiciméid roinnte.

Trí aip Seesaw nó trí phróifíl Google scoile, uaireanta déanfaidh an múinteoir teagmháil le páistí ar mhaithe le hobair scoile a roinnt, aischothú a thabhairt nó míniú a thabhairt.

Ní bheidh cead ag páistí úsáid a bhaint as fóraim chomhrá seachas sa chás gur fóram dúnta é atá ceadaithe ag an múinteoir. Úsáidfear cómhrá leictreonach do chúrsaí oideachais amháin agus déanfar maoirseacht air i gcónaí.

Úsáidfear ainm úsáideora le príobháideachas a chosaint.

Níl cead ag páistí úsáid a bhaint as fóraim idirlín nó as cluichí idirlín ina bhfuil fóram.

Úsáid an idirlín sa bhaile

Iarraimid go spreagadh tuismitheoirí úsáid sábháilte den idirlíon lasmuigh den scoil agus monatóireacht a dhéanamh ar úsáid idirín a bpáistí

Moltar dea-chleachtais ar nós úsáid scagathóirí agus am-chríoch d'úsáid an idirlín.

Ba chóir go n-úsáidfeadh páistí an t-idirlíon in áiteanna sa teach gur féidir maoirseacht a dhéanamh orthu go héasca. Ba chóir do thuistí cosc a chur ar a bpáistí uirlisí le féidireacht ceangailt leis an idirlíon a thabhairt isteach sa seomra codlata.

Moltar go láidir go bhfuil gach cead úsáid idirlín tugtha do pháistí ar an gcoinníoll go roinntear gach pasfhocal le tuismitheoirí.

Níl cead ag páistí GSBB grúpaí ranga/scoile a chruthú ná páirt a ghlacadh iontu ar na meáin shóisialta.

Cead

Níl aon chead ag tuismitheoirí ná ag páistí aon íomhá ná fís d'ócáidí scoile ar nós ceolchoirmeacha, drámaí nó ócáidí spóirt a roinnt ar na meáin shóisialta.

Tá cead ag an scoil griangraif de ghrúpaí de thriúr pháiste scoile nó níos mó a fhoilsiú ar shuíomh na scoile nó ar chuntais Twitter na scoil (@GSBB_Sord), seachas sa chás go mbaineann tuismitheoir nó páiste an chead seo.

Suíomh na scoile

Le cead an tuismitheora is féidir deis a thabhairt do pháistí samplaí d'obair a chur ar-líne.

Tabharfaidh an múinteoir ranga faoi aon sampla d'obair na bpáistí a chur ar-líne.Is i gomhthéacs oideachasúil a chuirfear aon obair a dhéanann páistí ar-líne agus ní bheidh cead an obair a chóipeáil.

Ní chuirfear pictiúir, fís nó taifead ***d'aon pháiste aonar*** ar an suíomh scoile. Ní chuirfear ainm pháiste l'aon phictiúr, nó pictiúr ina bhfuil ainm an pháiste le feiceáil ar lipéad ar line. Cuirfear béim ar ghníomhaíochtaí ghrúpa le cead an tuismitheora mar atá leagtha amach i bhfoirm cheada na scoile.

Is leis na daltaí an chóipcheart d'aon obair a fhoilsítear.

Reachtaíocht

Ba cheart go mbeadh úsáideoraí idirlín ar an eolas faoi reachtaíocht atá bainteach leis an idirlíon. Tá seoltaí suíomhanna thíos.

*nóta – gach leasú ar na dlíthe thíos ar fáil ar suíomh 'consolidated law acts website'

- Data Protection (Amendment) Act 2003 (as amended) (as amended) http://justice.ie
- Child Trafficking and Pornography Act 1998 - http://www.irishstatutebook.ie
- Interception Act 1993 (as amended) - http://www.acts.ie
- Video Recordings Act 1989(as amended) - http://www.irishstatutebook.ie
- The Data Protection Act 1988(as amended) - http://www.irishstatutebook.ie

Struchtúir tacaíochta

Tá liosta suíomhanna a thugann comhairle maidir le sábháilteacht ar-líne thíos

- NCTE - http://www.ncte.ie/InternetSafety/
- Webwise - http://www.webwise.ie/
- Make IT Secure - http://makeitsecure.ie
- Safe Internet - http://www.saferinternet.org/ww/en/pub/insafe/

Mar aon le sin, tá na treoirleabhair seo a leanas sa scoil.
Be Wise on the Net ...Information and Advice for Schools NCTE
Internet Safety Awareness Education Programme Teachers' Handbook SAFT Project (NCTE)

Smachtbhannaí

D'fhéadfadh mí-úsáid an idirlín smachtbhannaí a chúisiú faoi chód iompair na scoile agus/nó polasaí frith-bhulaíocht na scoile agus/nó polasaí chosaint leanaí na scoile. San áireamh sa chód iompar tá rabhadh scríofa, tuismitheoirí a chuir ar an eolas, pribhléidí a bhaint agus i gcásanna an-dáirire, fionraí nó díbirt. Freisin I gcásanna dáiríre d'fhéadfaí go mbeadh an Garda Síochána agus/nó TUSLA crtha ar an eolas.

*Féach ar chód iompar/ polasaí frith-bhulaíochta/ treoirlínte náisiúnta do chosaint leanaí .

Tá sé de cheart ag an scoil aon ghníomh mí-dhleathúil a fhógairt do na gardaí.

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo sa scoilbhliain 24/25.

Sínithe: Conal Ó Braonáin Cathaoirleach

Dáta: 13ú/9/22